Scéalta COVID-19

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta COVID-19. Féach ar an mír den chéad uair agus déan liosta de na scéalta dearfacha ar fad a luaitear inti. Cuir do liosta i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.

Ceist 2 An féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo? Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

bracing for	_____
time, occasion	_____
task force	_____
level 5 restrictions	_____
will be slackened	_____
spokesperson	_____
their experience	_____
under debate	_____
on a phased basis	_____
immunology	_____
suppress the virus	_____

Féach ar an tuairisc arís le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus cum ceisteanna fúithi le cur ar an duine in aice leat.

Ceist 4 '…maolófar…'

A. Bhí a lán samplaí den aimsir fháistineach sa mhír. Cad iad? Féach ar an tuairisc arís más gá.

B. Bain úsáid as na briathra: *oscail*, *pléigh*, *dáil* agus *maolaigh* chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir fháistineach a chur in iúl.

Ceist 5 *'…úsáid a <u>bhaint as</u>…'*

Tá a lán briathra frásacha (*phrasal verbs*) i nGaeilge. Cad é an réamhfhocal simplí a théann leis na briathra seo thíos? Cuir in abairtí iad chun a mbrí a léiriú.

beir
caith
cuidigh
cuir
cuir suas
éirigh
éist
iarr
tabhair
teip

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas a bheidh Nollaig na bliana seo difriúil ó bhlianta eile?
2. An mbeidh tú féin ag siopadóireacht ar líne i mbliana? Cén fáth?
3. Conas a mhothaíonn tú le linn na dianghlasála?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo. Mar shampla:

- Siopaí ag oscailt.
- Srianta leibhéal a cúig le maolú.
- Níl sé i gceist srianta níos déine a thabhairt isteach roimh an Nollaig.
- Tá tacaíocht ar fáil do dhaoine óga ar #antiviral.
- Beidh vacsaín ar fáil an bhliain seo chugainn.

Ceist 2

bracing for	*ag fáil faoi réir le*
time, occasion	*tráth*
task force	*tascfhórsa*
level 5 restrictions	*srianta leibhéal a cúig*
will be slackened	*maolófar*
spokesperson	*urlabhraí*
their experience	*a dtaithí*
under debate	*faoi chaibidil*
on a phased basis	*ar bhonn céimneach*
immunology	*imdhíoneolaíocht*
suppress the virus	*an víreas a bhrú faoi chois*

Ceist 3

Mar shampla:
Cén fáth a n-osclófar miondíoltóirí amárach?
Cad a phléigh tascfhórsa an rialtais?
Cé chomh fada is a bhí srianta leibhéal a cúig i bhfeidhm?
Cad a dúirt an tAire Sláinte?
Cad a tharla ag an bpreasócáid?
Cad a bhí le rá ag Paul Moynagh?
Cén fáth ar luadh Tuaisceart Éireann sa mhír?

Ceist 4

A. A maolófar, a dháilfear, go dtiocfaidh, a mhaolófar, a chuirfear, go mbeifear, go nglacfaidh.
B. Na briathra san aimsir fháistineach:

Oscail	**Pléigh**
osclóidh mé	pléifidh mé
osclóidh tú	pléifidh tú
osclóidh sé/sí	pléifidh sé/sí
osclóimid	pléifimid
osclóidh sibh	pléifidh sibh
osclóidh siad	pléifidh siad
an osclóidh tú?	an bpléifidh siad?
ní osclóidh	ní phléifidh
osclófar	pléifear
an osclófar?	an bpléifear?
ní osclófar	ní phléifear
Dáil	**Maolaigh**
dáilfidh mé	maolóidh mé
dáilfidh tú	maolóidh tú
dáilfidh sé/sí	maolóidh sé/sí

dáilfimid	maolóimid
dáilfidh sibh	maolóidh sibh
dáilfidh siad	maolóidh siad
an ndáilfidh sé?	an maolóidh sí?
ní dháilfidh	ní mhaolóidh
dáilfear	maolófar
an ndáilfear?	an maolófar
ní dháilfear	ní mhaolófar

Ceist 5

- beir ar *catch*
- caith le *treat*
- cuidigh le *help*
- cuir as do *annoy*
- cuir faoi *live*
- cuir suas le *put up with*
- éirigh as *retire, quit, give up*
- éirigh le *succeed*
- éist le *listen to*
- iarr ar *ask*
- tabhair faoi *approach*
- teip ar *fail*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá siopaí agus graithí[1] na tíre ag fáil faoi réir lena gcuid doirse a oscailt arís amárach, tráth a maolófar srianta leibhéal a cúig tar éis sé seachtaine. Inniu phléigh tascfhórsa an rialtais ar vacsaíní mar a dháilfear vacsaín COVID-19 ar an bpobal.

Peadar Mac Gaoithín
Tá gnónnaí[2] ar fud na tíre ag súil lena ndoirse a oscailt arís amárach i ndiaidh dóibh a bheith druidte ar feadh sé seachtaine anois faoi shrianta leibhéal a cúig. Meastar go dtiocfaidh ardú ar chásanna COVID-19 arís nuair a mhaolófar srianta don Nollaig, ach tá sé tugtha le fios ag an Aire Sláinte nach bhfuil sé i gceist srianta níos déine a thabhairt isteach arís roimh an Nollaig mura dtagann ardú ollmhór ar chásanna.

Ag preasócáid ar maidin, thug urlabhraí rialtais le fios go bhfuil feachtas úr tosaithe le deis a thabhairt do dhaoine óga, atá buailte go holc ag srianta COVID-19, a dtaithí a chur in iúl. Dúirt an rúnaí cúnta i Roinn an Taoisigh, Liz Canavan, gur féidir le daoine a gcuid scéalta a roinnt trí úsáid a bhaint as an haischlib #antiviral ar leithéidí Facebook, Instagram, YouTube agus TicTok.

Tháinig tascfhórsa vacsaíne an rialtais le chéile inniu den dara huair agus pleananna faoi chaibidil go fóill acu faoi mar a chuirfear vacsaín do Covid-19 ar fáil ar fud na tíre ar bhonn céimneach.

Dúirt Ollamh le hImdhíoneolaíocht in Ollscoil Mhá Nuad go gcaithfeadh idir 60% agus 70% den phobal vacsaín a fháil le go mbeifear ábalta an víreas a bhrú faoi chois. Ar RTÉ Raidió 1 ar maidin dúirt an tOllamh Paul Moynagh, go nglacfaidh sé ar a laghad roinnt míonna an vacsaín a chur ar fáil go forleathan ach go gcreideann sé gur chóir go mbeadh dul chun cinn maith déanta faoi mhí Aibreáin nó mí na Bealtaine seo chugainn.

290 cás úr den víreas atá deimhnithe i dTuaisceart Éireann le ceithre huaire is fichead anuas agus tá an Roinn Sláinte ansin curtha ar an eolas faoi dheich mbás eile a raibh baint ag an víreas leo.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4

[1] *gnóthaí* an leagan caighdeánach
[2] *gnóthaí* an leagan caighdeánach